

Ranganna Amhránaíochta



Íseult Ní Chonchúir

ringiseult@gmail.com



An Puc ar buile

^F
Ag gabháil dom siar chun Droichead Uí Mhóradha,
^C Píce im dhóid 's mé ag dul i meithil, ^F
Cé casfaí orm i gcuma ceoidh,
^C Ach pocán crón is é ar buile.

Curfá:

^F ^C ^F ^C
Ailliliú, puilliliú, ailliliú tá an puc ar buile!
^F ^C ^F ^C ^{B^b} ^F
Ailliliú, puilliliú, ailliliú tá an puc ar buile!

^F
Do ritheamar trasna trí ruilleogach,
Is do ghluais an comhrac ar fud na moinge, ^F
Is treascairt do bhfuair sé sna tortóga, ^C
Chuas ina ainneoin ina dhrom le fuinneamh.

Curfá

^F
Níor fhág sé carraig go raibh scót ann,
Ná gur rith le fórsa chun mé a mhilleadh, ^C ^F
S'Ansan do cháith sé an léim ba mhó leis, ^F
Le fána mhór na Faille Bríce. ^C

Curfá

^F
Bhí garda mór i mBaile an Róistigh,
Is bhailigh fórsa chun sinn a chlipeadh, ^C ^F
Do bhuail sé rop dá adhairc sa tóin air, ^F
S'dá bhríste nua do dhein sé giobail. ^C

Curfá

^F
I nDaingean Uí Chúis le haghaidh an tráthnóna,
Bhí an sagart paróiste amach 'nár gcoinnibh, ^C ^F
Is é dúirt gurbh é an diabhal ba Dhóigh leis, ^F
A ghaibh an treo ar phocán buile. ^C

Tonnta Chonamara

Ag fágáil Chonamara dom
Bhí ceo ar shliabh ó thuaidh
An ceo a bhí ar mo chroí
Níor ghlan sé díom go fóill
Le haer an tsaoil a d'imigh mé
Is chonaic mé go leor
Is bhí tonnta Chonamara
Ag dul idir mé 'gus tú

Cheap mise a stór go bhfillinn ort
Ach féach nach raibh sé i ndán
Mar líon an ghaoth na seolta
Is thug sí mé ar fán
Bhí an long umhal don fharraige
Is sheol sí léi thar cionn
Is bhí tonnta Chonamara
Ag dul idir mé 'gus tú

Má théann tú síos cois toinne
I gCladhach glas ó thuaidh
Ag tobar cois na farraige
Nach bhfuil rófhada ón mbruach
Breathnóidh tú ó dheas uait
Ar na longa i bhfad ar gcúl
Is beidh tonnta Chonamara
Ag dul idir mé 'gus tú

Má chloiseann tusa glaoch thar toinn
San oíche nó sa lá
Ar chapall bán a thoirfhas mé
Ní bheidh an dara húistéar ann
Má éalaíonn tú in éindí liom
Go dtí an t-oileán álainn ard
Is beidh tonnta Chonamara
Ag ceiliúradh ár ngrá

Peigín Leitir Móir

Curfá

Is ó ghairim gairim í,
Agus gairim í, mo stór;
Míle grá m'anam í
'Sí Peigín Leitir Móir!
Éirigh suas, a Pheigín
Agus seas ar bharr an aird
Comhar do chuid bullán
Agus féach an bhfuil siad ann.

Curfá

Tá Bríd agam 's tá Cáit agam
'Sí Peig an bhean is fearr;
Pé bith fear a gheobhas í,
Nach air a bhéas an t-ádh.

Curfá

Chuir mé scéala siar chuici
Go gceannóinn di bád mór;
'Sé'n scéala 'chuir sí aniar chugam
go ndéanfadh leath bhád seoil.

Curfá

Tá iascáirí na Gaillimhe
Ag teacht anoir le cóir
Le solas gealaí gile
Nó go bhfeicidís an tseoid.

Mná na hÉireann

Peadar Ó Doirnín

G Tá bean in Éirinn a bhronnfadh séad dom is mo sháith le n-ól
Is tá bean in Éirinn is ba bhinne léithe mo ráfla ceoil
Ná seinm téad; tá bean in Éirinn is níorbh fhearr léi beo
Mise ag léimnigh nó leagtha i gcré is mo thar faoi fhód

G Tá bean in Éirinn a bheadh ag éad liom mura bhfaighinn ach póg
Ó bhean ar aonach, nach ait an scéala, is mo dháimh féin leo;
Tá bean ab fhearr liom, nó cath is céad dhíobh nach bhfaighim go deo
Is tá cailín speiriúil ag fear gan Bhéarla, dubh ghránna croin.

G Tá bean a leáfadh, nífeadh is d'fhuailfeadh cáimric is sról,
Is tá bean a dhéanfadh d'olann gréas is thairgfeadh an bhró
Tá bean is b'fhearr léi ag cruinniú déirce nó cráite le cro
Is tá bean 'na ndéidh uile a luífeadh le fear is a máthair faoi fhód

G Tá bean a déarfadh dá siúlfainn léi go bhfaighinn an t-ór,
Is tá bean 'na léine is fearr a méin ná táinte bó
Le bean a bhuaireadh Baile an Mhaoir is clár Thír Eoghain
Is ní fheicim leigheas ar mo ghalar féin ach scaird a dh'ól

Báidín Fheilimí

^E Báidín Fheilimí d'imigh go Gabhla,
^E Báidín Fheilimí is Feilimí ann
^E Báidín Fheilimid'imigh go Gabhla,
^E Báidín Fheilimí is Feilimí ann.

Curfá

^E Báidín bídeach, ^A báidín beosach, ^E Báidín bóidheach, ^A báidín Fheilimí
^E Báidín díreach, ^A báidín deontach ^A Báidín Fheilimí is Feilimí ann.
^E Báidín Fheilimí d'imigh go ^A Toraí,
^E Báidín Fheilimí is ^B Feilimí ann.
^E Báidín Fheilimí d'imigh go ^A Toraí,
^E Báidín Fheilimí is ^B Feilimí ^A ann.

Curfá

^E Báidín Fheilimí briseadh i ^A dToraí,
^E Báidín Fheilimí is ^B Feilimí ann.
^E Báidín Fheilimí briseadh i ^A dToraí,
^E Báidín Fheilimí is ^B Feilimí ^A ann.

Curfá

TRASNA NA DTONNTA

Curfá:

D
Trasna na dtonnta, dul siar, dul siar,
G A
Slán leis an uaigneas 'is slán leis an gcian;
D
Geal é mo chroí, agus geal í an ghrian,
G D
Geal a bheith ag filleadh go hÉirinn!

D G A
Chonaic mo dhóthain de Thíortha i gcéin,
D G A
Ór agus airgead, saibhreas an tsaoil,
D A
Éiríonn an croí 'nam le breacadh gach lae
G A D
S mé druidim le dúthaigh mo mhuintir!

D G A
Ar mo thriall siar ó éirigh mo chroí
D G A
An aimsir go hálainn is tonnta deas réidh
D A
Stiúradh go díreach go dúthaigh mo chliabh
G A D
'S bheidh mé in Éirinn amárach!

D G A
Muintir an Iarthair 'siad cáirde mo chroí,
D G A
Fáilte 'is féile bheidh romham ar gach taobh.
D A
Ar fhágaint an tsaoil seo, sé guím ar an Rí.
G A D
Gur leosan a shínfear i gcill mé.

ORÓ, SÉ DO BHEATHA 'BHAILE

PÁDRAIG MAC PÍARRAIS

Em
'Sé do bheatha, a bhean ba léanmhar,
D
Do b' é ár gcreach thú bheith i ngéibheann,
C *D*
Do dhúiche bhreá i seilbh meirleach,
C *Em*
Is tú díolta leis na Gallaibh.

Em
Oró, sé do bheatha 'bhaile,
D
Oró, sé do bheatha 'bhaile,
C *D*
Oró, sé do bheatha 'bhaile
C *D* *Em*
Anois ar theacht an tsamhraidh.

Em
Tá Gráinne Mhaol ag teacht thar sáile,
D
Óglaigh armtha léi mar gharda,
C *D*
Gaeil iad féin is ní Frainc ná Spáinnigh,
C *D* *Em*
Is cuirfidh siad ruaig ar Ghallaibh.

Em
A bhúí le Rí na bhFeart go bhfeiceam,
D
Mura mbéam beo ina dhiaidh ach seachtain,
C *D*
Gráinne Mhaol agus míle gaiscíoch,
C *D* *Em*
Ag fógairt fáin ar Ghallaibh.

Mol Ní Mhaoileoin

^D
I mBaile Átha Cliath,
^A
Ní fhaca mé riamh,
^D ^G ^A
Aon chailín níos sciamhaí ná Mol Ní Mhaoileoin,
^D
Ag stiúradh a barra,
^A
gach áit in san chathair,
^D ^A ^G ^A ^D
Le ruacain is sliogáin, is iad go breá beo!

^D ^A
Is iad go breá beo, is iad go breá beo,
^D ^A ^G ^A ^D
Le ruacain is sliogáin, is iad go breá beo.

^D
Ba mhangaire éisc í,
^A
an cheird di ab éasca,
^D ^G ^A
Ós amhlaidh dá muintir ó chianta fadó,
^D
Ag stiúradh a mbarra,
^A
gach áit ins a chathair,
^D ^A ^G ^A ^D
Le ruacain is sliogáin, is iad go breá beo!

^D
Ach mo chreach is mo dhiachair,
^A
fuair Mol bocht an fiabhras,
^D ^G ^A
Agus b'in í an chríoch bhí le Mol Ní Mhaoileoin,
^D
Ach tá taibhse sa chathair,
^A
ag stiúradh a barra,
^D ^A ^G ^A ^D
Le ruacain is sliogáin, is iad go breá beo!

Don oíche úd i mBeithil

Don oíche úd i mBeithil
beidh tagairt faoi ghréin go brách,
Don oíche úd i mBeithil
gur tháinig an Briathar slán;
Tá gríosghrua ar spéartha
's an talamh 'na chlúdach bán;
Féach íosagán sa chliabhán,
's an Mhaighdean in aoibhneas grá

Ar leacain lom an tsléibhe
go nglacann na haoirí scáth
Nuair in oscail gheal na spéire
tá teachtaire Dé ar fáil;
Céad gloir anois don Athair
sa bhFlaitheasa thuas go hard!
Is feasta fós ar talamh
d'fhéara dea-mhéin' síocháin!

Le coinnle na n-aingeal

Le Máire Mhac an tSaoi

Le coinnle na n-aingeal tá an spéir amuigh breactha,
Tá fiacail an tseaca sa ghaoth ón gchoc;
Adaigh an tine is téigh chun na leapan:
Luífidh Mac Dé ins an tigh seo anocht.

Fágadh an doras ar leathadh ina coinne,
An Mhaighdean a thiocfaidh is a Naí ar a hucht;
Deonaigh do shuaimhneas a ghlacadh, a Mhuire,
Luífidh Mac Dé ins an tigh seo anocht.

Bhí soilse ar lasadh i dteach sin na haíochta,
Cóiriú gan chaoile, bia agus deoch,
Do cheannaithe olla, do cheannaithe síoda,
Ach luífidh Mac Dé ins an tigh seo anocht.

CARÚL LOCH SARMAN

O tagaigí is adhraigí An leanbh cneasta sa chró 'na luí

Is cuimhnigí ar ghrá an Rí

A thug dar saoradh anocht an naí

A Mhuire Mháthair i bPáras Dé

Ar chlann bhocht Éabha Guí anois go séimh

Is doras an chró ná dún go deo

Go n-adhram feasta Mac Rí na hÓighe

I mBeithil thoir i lár na hoíche

Ba chlos an dea-scéal d'aoirí

Go follas don tsaol san spéir go binn

Bhí aingil ag canadh ó rinn go rinn

Gluaisigí go beo, dúirt aingil Dé

Go Beithil sall is gheobhaidh sibh é

'Na luí go ciúin i mainséar tuí Siúd é an Prionsa, Mac Óg an Rí

Coimhle an Linbh Íosa Le Caoimhín Ó Cínéire

Tá coimhle an Linbh Íosa ag soilsiú 'nár dtreo.
I bhfuinneogín íolteach fanfaidh Muire go ló.
Seo Féile na Saoithe, na mbocht, is na mbrón,
Seo aoibhneas 'nár gcroíthe, seo síocháin is só.

Cloigíní binne san oíche do chling
Féiríní aoibhne na Nollag dá roinnt
Ceolta cruit síomhar ag aingil dá seinnt
I mainséar den tuí bhuí tá Íosa go Doimhin.

Seo Féile an Rí bhig, seo Féile 'bheidh buan,
A sheas tríd na hAoiseanna 's go lá lom an Luain.
Guím Nollaig dheas aoibhinn gach sí agus suan
Ar chairde mo chroíse go sroichfidh siad cuan.

The KERRY CHRISTMAS CAROL

SIGERSON CLIFFORD

Brush the floor and clean the hearth and set the fire to keep
For they might visit us tonight when all the worlds asleep
Don't blow the tall white candle out but leave it burning bright
So that they'll know they're welcome here this holy Christmas night.

Leave out the bread and meat for them and sweet milk for the child
And they will bless the fire that baked and too the hands that toiled
For Joseph will be travel-tired and Mary pale and wan
And they can sleep a little while before they journey on

The will be weary of the roads and rest will comfort them
For it must be many a lonely mile from here to Bethlehem
O long the road they have to go the bad mile with the good
Till the journey ends on Calvary beneath a Cross of Wood

So leave the door upon the latch and set the fire to keep
And pray they'll rest with us tonight when all the worlds asleep
Don't blow the tall white candle out but leave it burning bright
So that they'll know they're welcome here this holy Christmas night.